

Straitéis Corparáideach 2025-2028





Ábhar

Réamhrá Uachtarán agus Cláraitheoir an PSI	2
Maidir le PSI – An Rialtóir Cógaisíochta	3
Ár Misean, Fís agus Luachanna	4
Forléargas ar an Straitéis: Conas a chuirfimid ár misean i gcrích	5
Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí 2025-2028	6
An Straitéis a Chur Chun Feidhme agus Monatóireacht a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn	12



Réamhrá Uachtarán agus Cláraitheoir an PSI

Agus tús á chur againn lenár Straitéis Chorparáideach 2025-2028, tá tús á chur againn le caibidil nua i bhforbairt ár n-eagraíochta agus inár n-aistear athraithe gnó. Beidh tús á chur againn freisin le tréimhse d'athrú suntasach sa timpeallacht cógaisíochta agus cúraim sláinte in Éirinn. Am spéisiúil atá ann a éilíonn infheistíocht agus aird ár bhfoirne agus ár n-acmhainní chun a chinntiú go bhfuilimid ailínithe leis an gcóras sláinte go ginearálta. Táimid muiníneach go dtacóidh ár n-iarrachtaí leis an athrú sláinte poiblí a rachaidh chun tairbhe phobal na hÉireann san fhadtárma.

Déantar cur síos sna cuspóirí atá sonraithe sa straitéis seo ar conas a rachaimid i ngleic leis na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo sa timpeallacht chógaisíochta agus sláinte trí chéile; ár dtograí d'athrú agus d'fhorbairt rialála leantach; agus ár bpleananna d'fheabhas inmheánach, a bhfuiltear ag leanúint le cuid acu mar chuid den chlár athraithe a bhfuil tús curtha againn leis cheana.

Mar chuid den obair beimid ag machnamh ar bhunchloch ár ról – chun sábháilteacht othar agus iontaoibh an phobail i gcógaisíocht a chinntiú trí rialáil éifeachtach. Is é an aidhm atá againn ár sainchúram a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr agus is féidir, agus tríd an méid sin a dhéanamh, tacú le seirbhísí cógaisíochta atá sábháilte agus dírithe ar an othar a chur ar fáil.

Beidh céatadán suntasach dár ngníomhaíocht straitéiseach don cheithre bliana amach romhainn dírithe ar thacú le cur chun feidhme tionscadal beartais tábhachtach, cosúil le moltaí Tascfhórsa Saineolach chun ról na cógaisíochta a leathnú, agus an dul chun cinn suntasach agus a bhfuiltear ag súil leis atá leagtha amach sa spás sláinte digiteach in Éirinn a dhéanamh. Freastalaíonn siad ar athrú agus feabhsú bunúsach dóibh siúd atá ag soláthar agus ag fáil cúraim sláinte.

Bunaithe ar an hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ar raon cleachtais cógaiseoirí, is é an ról atá againn a chinntiú go mbeidh na caighdeáin do chógaisíocht, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint, mar bhonn le agus ag éascú éabhlóid agus forbairt seirbhísí cógaisíochta. Is snáitheanna iad ár rúin maidir le hathruithe reachtacha a mhúnlaíonn conas a dhéanaimid rialáil, mar aon le gach athrú digiteach agus próisis inmheánach, a gcreidimid atá riachtanach chun cur ar ár gcumas rialáil a dhéanamh go cothrom agus go héifeachtach amach anseo.

Tá meas agus luach againn ar gach duine a chabhraigh le forbairt na straitéise nua seo agus a bhí sásta am a chur i leataobh chun bualadh linn i rith an phróisis. Ina measc tá ár gcláraithe, comhpháirtithe éagsúla agus páirtithe leasmhara eile, ár mbaill foirne agus Comhairle PSI. Tá súil againn go bhfuil na príomhnithe agus na príomhábhair imní curtha san áireamh againn inár gcuspóirí agus gníomhaíochtaí. I rith forbairt na straitéise seo, bhíomar airdeallach ar ár ndualgas reachtúil i ndáil le comhionannas agus cearta an duine. As seo go ceann ceithre bliana, leanfaimid ar aghaidh lenár ngealltanais chun saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a mheas, a urramú agus a chur chun cinn fad is atá ár bpríomhfheidhmeanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha á gcur i gcrích againn.

Táimid ag súil le bheith ag obair go rathúil leis an rialtas, lucht déanta beartas, comhghleacaithe sna réimsí sláinte agus rialála, lenár gcláraithe agus leis an bpobal. Táimid tiomanta dár ngealltanais a fhorbairt agus teacht ar bhealaí chun éisteacht le raon níos leithne páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal agus othair, ionas go mbeidh gach gné dá gcuid oibre bunaithe ar a n-eispéiris.

Tá meas againn ar thiomantas, saineolas agus ildánacht cógaiseoirí agus na hearnála cógaisíochta. Tá muinín á léiriú go leanúnach ag an bpobal i gcógaiseoirí, rud ar cheart go mbeadh an ghairm an-bhródúil as. Thar thréimhse na straitéise seo, leanfaimid ar aghaidh, ar mhaithe le leas an phobail, ag obair le agus ag tacú le cógaiseoirí agus le cógaslanna chun seirbhísí traidisiúnta agus nua a chur ar fáil go sábháilte, ionas go mbeidh athruithe á ndéanamh i dteannta a chéile.

Katherine Morrow Uachtarán
Joanne Kissane Cláraitheoir agus Príomhoifigeach

Nollaig 2024

Maidir le PSI – An Rialtóir Cógaisíochta

Eolas maidir linne

Is muide Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI – An Rialtóir Cógaisíochta), comhlacht poiblí a bunaíodh le hAcht Cógaisíochta, 2007, chun sláinte, sábháilteacht agus folláine othar agus an phobail a chosaint trí chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn a rialáil. Is comhlacht rialála neamhspleách muid, is ar mhaithe le críocha cuntasachta poiblí atáimid ag feidhmiú faoi choimirce an Aire Sláinte. Táimid á rialú ag Comhairle PSI, a bhfuil a 21 ball ceaptha ag an Aire.

An obair a dhéanaimid

- Cláraímid cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslanna;
- Sonraímid na caighdeáin d'oideachas agus d'oiliúint chógaisíochta agus cinntímid go bhfuil gach cógaiseoir ag díriú ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) oiriúnach;
- Tacaímid le dea-chleachtas gairmiúil i measc cógaiseoirí trí chaighdeáin a ardú agus faisnéis a roinnt chun tairbhe othar agus an chórais sláinte trí chéile;
- Cuirimid obair allamuigh i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar an tslí a bhfuil dlí cógaisíochta agus cógas á gcomhlíonadh agus, más cuí, déileálaimid le drochfheidhmíocht agus/nó le cleachtais mhíshábháilte;
- Breithnímid gearáin fhoirmiúla i gcoinne cógaiseora nó cógaslainne, lena n-áirítear smachtbhannaí a fhorchur;
- Soláthraímid comhairle, tacaíocht agus treoir don phobal, don ghairm chógaisíochta agus don Rialtas maidir le cúram, cóireáil agus seirbhísí cógaisíochta in Éirinn.

Cén fáth a dhéanaimid é

Creidimid go bhfuil an pobal i dteideal a bheith ag súil le agus ag fáil caighdeán cúraim ar ardchaighdeán ó chógaiseoirí agus ó chúntóirí cógaisíochta agus gur cheart go mbeadh cógaslanna ag feidhmiú ag ardchaighdeáin. Creidimid gur cheart go mbeadh muinín ag an bpobal i gcónaí as cógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus cógaslanna chun an caighdeán cúraim agus seirbhíse sin a chur ar fáil. Táimid ag iarraidh príomhról a bheith againn sa mhéid sin a éascú, agus creidimid gurb é an bealach is fearr chun é sin a dhéanamh tairbhe a bhaint as cur chuige comhoibritheach a bhfuil gach duine atá chomh tiomanta linn féin do chúram agus do sheirbhísí cógaisíochta ar ardchaighdeán páirteach ann.

Táimid tiomanta dár bhforbairt leanúnach agus dár n-éifeachtacht a fheabhsú fad is atá iarracht á déanamh againn dearbhú leanúnach a sholáthar i réimse cúraim sláinte, rialála agus poiblí atá ag athrú. Creidimid go bhfuil sé tábhachtach cuspóirí straitéiseacha dúshlánacha a shonrú ionas go mbeidh tionchar á chruthú againn dóibh siúd a bhfuilimid ag freastal orthu, cur lenár láidreachtaí agus éifeachtacht, agus a chinntiú go bhfuil cumarsáid agus rannpháirtíocht mar bhonn lenár gcuid oibre ar fad. Tá ár Straitéis Chorparáideach 2025-2028 deartha chun dlús a chur leis na cuspóirí sin.



Ár Misean, Fís agus Luachanna



Ár Misean

Dearbhaímid sábháilteacht othar agus iontaoibh an phobail i gcógaisíocht trí rialáil éifeachtach



Ár bhFís

Cúram cógaisíochta sábháilte agus éifeachtach ag tacú le sláinte ár bpobal



Glacaimid le hAthruithe

Déanaimid iarracht a bheith nuálach agus feabhsú go leanúnach



Freastal ar an bPobal

Tá sábháilteacht an phobail ag croílár na hoibre ar fad a dhéanaimid

Ár Luachanna

Tá ár luachanna mar bhonn leis an tslí a n-éiríonn linn ár misean a chomhlíonadh. Treoraíonn siad ár n-iompar, na hionchais a shonraímid dúinn féin, agus eispéireas daoine eile a bhíonn ag obair linn. Soláthraíonn siad fianaise maidir lenár dtiomantas do chomhionannas agus do chearta an duine chomh fada is a bhaineann leis an tslí a bhfuil ár ról á chomhlíonadh againn.



Ceannaireacht le Dea-shampla

Tugaimid ceannaireacht atá bunaithe ar ionracas agus ar oibiachtúlacht agus tugaimid aird ar na caighdeáin is airde



Tá Gach Duine Tábhachtach

Tá luach agus meas againn ar gach duine a mbíimid ag obair leo




Oibriú le Chéile

Oibrímid ar bhealach comhoibritheach lenár bpáirtithe leasmhara ar fad

Forléargas ar an Straitéis: Conas a chuirfimid ár misean i gcrích

Tá ár misean don tréimhse straitéiseach seo bunaithe ar thiomantas do shábháilteacht othar agus d'iontaoibh an phobail i gcógaisíocht a chinntiú trí rialáil éifeachtach.



Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí 2025-2028



Cuspóir 1

Cógaiseoirí agus Cógaslanna a Rialáil chun Seirbhísí Cógaisíochta Bunúsacha agus Méadaithe a Sholáthar sa Chóras Cúraim Sláinte

Tá timpeallacht chúraim sláinte na hÉireann ar tí aghaidh a thabhairt ar thréimhse d'athrú suntasach, a mhúnlóidh agus a imreoidh tionchar ar fhorbairt na hearnála cógaisíochta agus ar ghairm na cógaisíochta. In 2023, bhunaigh an tAire Sláinte Tascfhórsa Saineolach chun tacú le forbairt ról na cógaisíochta in Éirinn. Ba é sainchúram an Tascfhórsa cuspóirí sonracha a shainaitheint agus tacú leo, a bheidh in úsáid chun seirbhísí agus cleachtais a ailíniú ar féidir le cógaiseoirí agus le cógaslanna a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais na seirbhíse sláinte agus na n-othar. Táthar ag súil go mbeidh ról an chógaiseora ag forbairt go suntasach de bhua mholtaí an Tascfhórsa Shaineolaigh, lena n-áirítear údarás oideasaithe cógaiseora iomlán a bhunú, ar bhonn céimnithe, sna blianta amach romhainn.

Anuas air sin, táthar ag súil go mbeidh forbairtí sa tsláinte dhigiteach, mar atá minithe i bhfoilseachán na Roinne Sláinte dar teideal *Digital for Care: Creat Sláinte Digiteach d'Éirinn 2024-2030* agus mar a bhforáiltear dó i reachtaíocht ábhartha, mar bhonn le seirbhísí sláinte in Éirinn a athrú ó bhonn. Ina measc sin tá tionscnaimh cosúil leis an Aip d'Othair, an Taifead Náisiúnta Cúraim Chomhroinnte agus an tSeirbhís r-Oideasaithe Náisiúnta, i dteannta le forbairtí ar Intleacht Shaorga (IS), agus ceanglais arna mbunú ag an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS). Tá buntáistí suntasacha ag baint le réitigh sláinte dhigiteacha chomh fada is a bhaineann le sábháilteacht othar, éifeachtúlachtaí i seachadadh cúraim agus cáilíocht sonraí feabhsaithe.

Tuigimid freisin go bhféadfadh a leithéid sin d'fhorbairtí a bheith mar bhonn le rioscaí agus le dúshlán nua do chógaiseoirí agus do cógaslanna. De réir mar a bheidh na hathruithe sin á bhforbairt agus á ndéanamh, cuirfimid obair i gcrích chun a chinntiú go bhfuil na daoine atá cláraithe linn in ann aon riosca do shábháilteacht othar a shainaitheint agus a mhaolú.

Lena chois sin, tá roinnt gealltanais déanta againn faoinár dTuarascáil maidir le Faisnéis Oibrithe. Trí chomhoibriú gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara, cuirfimid roinnt de mholtaí na tuarascála i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ag an bpobal ar chúram cógaisíochta sábháilte, ionchuimsitheach agus éifeachtach amach anseo agus go mbeidh cógaiseoirí cumhachtaithe agus go mbeidh tacaíocht ar fáil dóibh chun obair a dhéanamh laistigh de raon iomlán a gcleachtais.

Leagtar amach sa chuspóir seo an obair a dhéanfaimid thar thréimhse na straitéise seo chun a chinntiú gurb í sábháilteacht othar an rud is tábhachtaí i gcomhthéacs timpeallacht cógaisíochta atá ag athrú. Ní féidir linn féin amháin go leor de na gníomhaíochtaí faoin gcuspóir straitéiseach seo a chomhlíonadh. Chuige sin, leanfaimid ar aghaidh ag obair go réamhghníomhach i gcomhpháirt lenár bpáirtithe leasmhara – an Roinn Sláinte go háirithe – i rith thréimhse na straitéise seo.





Gníomhaíochtaí

Conas a chuirfimid an cuspóir seo i gcrích

- Moltaí an Tascfhórsa Shaineolaigh a chur chun feidhme chun tacú le forbairt an raoin chógaisíochta a bhaineann lenár sainchúram rialála.
- Athruithe beartais a mholadh agus a chur chun feidhme atá comhaontaithe leis an Roinn Sláinte a bhaineann le cógaiseoirí agus le seirbhísí cógaslainne.
- Tacaíochtaí rialála a sholáthar chun cur ar chumas cógaiseoirí agus cógaslann an t-aschur ionchais a bhaineann le forbairtí ar shláinte dhigiteach a chur chun feidhme.
- Oibriú ar bhonn réamhghníomhach le agus tacú le soláthraithe ardoideachais chun oideachas cógaisíochta a sheachadadh agus a fheabhsú sa Stát.
- Leanúint ar aghaidh lenár gcuid oibre féin agus lenár gcomhoibriú le daoine eile chun moltaí Thuarascáil maidir le Faisnéis Oibrithe 2023 a sheachadadh.



Torthaí a bhFuiltear ag Súil Leo

Conas a bheidh a fhios againn an bhfuil ag éirí linn

- Tá ár ról ar leith maidir le moltaí an Tascfhórsa Shaineolaigh a chur chun feidhme comhlíonta againn chun tacú le méadú ról na cógaisíochta chun freastal ar riachtanais othar agus sláinte poiblí.
- Tá athruithe beartais a bhaineann le cógaisíocht curtha chun feidhme trí rannpháirtíocht leanúnach, éifeachtach leis an Roinn Sláinte.
- Is féidir le cógaiseoirí agus le cógaslanna úsáid agus rochtain éifeachtach a fháil ar fhorbairtí sa tsláinte dhigiteach chun seirbhísí cógaisíochta sábháilte, agus sláinte agus eispéireas feabhsaithe othar a chur ar fáil.
- Bhainistíomar agus rinneamar dul chun cinn ar gach iarratas do chreidiúnú clár oiliúna cógaisíochta nua agus seanbhunaithe sa Stát, de réir ár mbeartais chreidiúnaithe.
- Tá na gníomhaíochtaí PSI gearrthéarmacha agus meántéarmacha a bhfuil cur síos déanta orthu i dTuarascáil maidir le Faisnéis Oibrithe 2023 curtha i bhfeidhm againn, agus tá an bhunsraith leagtha againn do ghníomhaíochtaí fadtéarmacha bunúsacha.



Cuspóir 2

Ár gCur Chuige Rialála a Fhorbairt chun Tacú le Torthaí Othar Sábháilte i ndáil le Cúram Cógaisíochta a Sholáthar

I dtimpeallacht chógaisíochta atá ag athrú go tapa in Éirinn, creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach ár samhail rialála a nuashonrú. Nuair a bheidh ár gcur chuige á athrú againn, déanfaimid iarracht rialachán rioscabhunaithe, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar. Déanfaimid amhlaidh fad is a bheidh úsáid éifeachtúil á baint againn as acmhainní PSI chun a chinntiú go dtacaíonn ár ngníomhartha agus gníomhaíochtaí rialála le hinbhuanaitheacht, go bhfeabhsaíonn siad sábháilteacht othar agus go bhfeabhsaíonn siad caighdeán an chleachtais chógaslaine i ngach cógaslann go leanúnach.

Is é an bealach is fearr chun tacú le forbairt raon cleachtais cógaiseoirí agus cógaslann tairbhe a bhaint as cur chuige inoiriúnaithe, bunaithe ar chaighdeán maidir le rialáil a fhreastalaíonn ar riachtanais othar agus ar riachtanais ghairmiúla i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor. Soláthraíonn caighdeán ráitis ghonta, bunaithe ar thorthaí a úsáideann cógaiseoir nó cógaslann nuair a bhíonn seirbhís á bunú nó á soláthar aige nó aici, agus ráitis ar féidir linne, an rialtóir, úsáid a bhaint astu chun feidhmíocht a mheas. Cumhachtaíonn caighdeán an cógaiseoir nó an chógaslann chun ceanglais na gcaighdeán a chomhlíonadh ar raon bealaí difriúla, i.e., ní cur chuige saintreorach, atá oiriúnach do chách atá ann.

Bainfidimid tairbhe as ár sonraí, faisnéis agus léargas chun ár mbéim a athrú agus chun díriú ar chur chuige atá níos rannpháirtí, níos comhréirí agus níos saincheaptha maidir le cógaisíocht a rialáil. Bainfidimid úsáid as an bhfaisnéis sin mar bhonn lenár gcinnteoireacht agus cosnóimid othair agus an pobal ar bhealach réamhghníomhach.

Déantar cur síos sa chuspóir seo ar na gníomhaíochtaí a bheidh á ndéanamh againn i rith na straitéise seo chun cur chuige rialála atá níos forbartha a chur chun feidhme. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, díreoidimid ar ár bpróisis Feidhmiúlachta chun Cleachtadh a athchóiriú agus a fheabhsú, agus a chinntiú go bhfuil siad trédhearcach, éifeachtach agus comhsheasmhach, agus ag an am céanna, cur chuige níos cineálta, níos comhbháiche agus níos comhréirí a leabú. Chun an cuspóir straitéiseach sin a chomhlíonadh, oibreoidimid i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, chun athruithe reachtacha nó rialála riachtanacha a éascú. Lena chois sin, leanfaimid ar aghaidh le teagmháil rialta a dhéanamh lenár gcláraithe agus treiseoidimid ár n-idirghníomhaíocht le hothair agus leis an bpobal. Leanfaimid ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil ár mbealach rialála bunaithe ar chomhionannas agus ar chearta an duine, ar éagsúlacht agus ar ionchuimsitheacht agus go nglacaimid le agus go spreagaimid cur chuige duinelárnach inár ngníomhaíochtaí ar fad.





Gníomhaíochtaí

Conas a chuirfimid an cuspóir seo i gcrích

- Samhail rialála bunaithe ar chaighdeán a fhorbairt do chógaslanna pobail chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí cógaslainne agus ag an am céanna, tacú le riachtanais athraitheacha an phobail agus cógaiseoirí.
- Úsáid a bhaint as cur chuige níos rioscabhunaithe maidir le rialáil cógaiseoirí agus cógaslann atá bunaithe níos mó de réir a chéile ar fhaisnéis, ar shonraí agus ar fhoghlaim straitéiseach.
- Cur chuige duinelárnach a leabú inár bpróisis rialála, ag tosú le hathchóiriú ár bpróiseas Feidhmiúlachta chun Cleachtadh chun tacú le cumarsáid, trédhearcacht agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe inár bpróisis.
- Comhoibriú leis an Roinn Sláinte chun clár athchóirithe an Achta Cógaisíochta a fhorbairt chun tacú le cur chuige straitéiseach nua maidir lenár ról rialála.
- Comhoibriú le hothair agus leis an bpobal chun modhanna rannpháirtíochta éifeachtacha a shainaitheint a thacaíonn le cur chuige otharlárnach agus chun a chinntiú go bhfuil guth an othair le cloisteáil.



Torthaí a bhFuiltear ag Súil Leo

Conas a bheidh a fhios againn an bhfuil ag éirí linn

- Tá caighdeán deartha agus curtha chun feidhme againn chun sábháilteacht, éifeachtacht agus caighdeán an chleachtais chógaisíochta a fheabhsú. Tuigeann othair, an pobal, cógaiseoirí agus úinéirí cógaslainne na caighdeán sin agus tacaíonn siad leo. Feidhmíonn siad ar bhonn reachtúil agus tá siad á dtreisiú ag reachtaíocht leasaithe.
- Tá ár ngníomhaíochtaí rialála rioscabhunaithe agus treoraithe ag léargas atá bunaithe ar shonraí, agus tá ár bhfreagraí ag éirí níos saincheaptha agus á gcomhordú bunaithe ar shaincheistanna agus ar chomhthéacs.
- Tá ár gcur chuige Feidhmiúlachta chun Cleachtadh leasaithe againn ionas go mbeidh sé níos duinelárnaí, agus chun a chinntiú go dtuigeann an pobal, cláraithe agus gach páirtí leasmhar ár bpróisis agus ár gcinntí. D'athraigh leasú reachtach an Achta Cógaisíochta an próiseas seo, agus chinntigh sé go bhfuil ár ngníomhaíochtaí agus torthaí comhréireach.
- Is comhpháirtithe gníomhacha iad othair agus an pobal inár samhail rialála.



Cuspóir 3

Ár nEagraíocht agus Foireann a Fheabhsú agus a Ailíniú chun ár dTosaíochtaí Straitéiseacha agus Príomhfhreagrachtaí a Chomhlíonadh go Rathúil

Ionas gur féidir linn ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh fad is atá ár bpríomhfheidhmeanna á gcomhlíonadh againn de réir dea-chleachtais i mbainistiú agus i rialachas comhlachtaí poiblí, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na daoine, na scileanna, an struchtúr agus an cultúr ceart. Os a choinne sin, cosúil le gach eagraíocht, ní mór iarracht leanúnach a dhéanamh rudaí a fheabhsú, a bheith nuálaíoch agus éifeachtúil.

Is iad ár mbaill foirne an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn, agus tá iarracht á déanamh againn cultúr a chruthú ina mbíonn na baill foirne cumhachtaithe agus ina mbíonn tacaíocht ar fáil dóibh chun a gcuspóirí aonair agus chun cuspóirí comhroinnte PSI a chomhlíonadh. Táimid tiomanta do thimpeallacht dhearfach agus struchtúr sofhreagrúil a chothabháil a thacaíonn lenár misean agus tosaíochtaí straitéiseacha. Chomh maith leis sin, táimid tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus do chothromaíocht shláintiúil oibre is saoil do gach ball foirne.

Táimid tiomanta d'fhorbairt a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí leanúnacha ónár straitéis roimhe seo, a áirítear inti ár gClár Athraithe Gnó a chur i gcrích agus córais, sonraí agus uirlisí digiteacha nua a chomhtháthú chun tacú lenár misean rialála. Cuirfimid chun feidhme moltaí ónár nAthbhreithniú Maoinithe Straitéiseach chun staid airgeadais inbhuanaithe agus maoiniú oiriúnach a chinntiú.

Leanfaimid ar aghaidh lenár straitéis TFC a chur chun feidhme chun tacú lenár bpríomhfheidhmeanna i dtimpeallacht oibre cumaisc, bainfidimid tairbhe as IS más cuí chun ár n-oibríochtaí a fheabhsú. Cuimsítear ansin treisiú leanúnach na cosanta agus na feasachta cibearshlánda, mar aon lenár leanúnachas gnó agus nósanna imeachta freagartha teagmhais a fheabhsú.

Mar eagraíocht eárnála poiblí, leanfaimid ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht reachtach chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa á comhlíonadh. Táimid tiomanta do ról gníomhach a ghlacadh i ndáil le príomhthosaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht, idirdhealú a dhíothú, tacú le comhionannas agus cearta an duine a chosaint atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus cuspóir. Táimid tiomanta do na coinníollacha a chruthú agus do chur chun feidhme, ar bhealach leanúnach, dualgais comhionannais agus chearta an duine na hearnála poiblí nuair a bhíonn ár bhfeidhmeanna á gcur i gcrích againn (tá Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, á chomhlíonadh).

Cinnteoimid na tionscnaimh sin go mbeidh an acmhainn riachtanach againn chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus príomhfhreagrachtaí a chomhlíonadh i rith thréimhse na straitéise seo agus ina dhiaidh sin.





Gníomhaíochtaí

Conas a chuirfimid an cuspóir seo i gcrích

- Moltaí an athbhreithnithe oibrithe eagraíochtúil agus straitéiseach ar cuireadh tús leis in 2024 a chur chun feidhme, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Ár straitéis TFC a chur chun feidhme, solúbthacht agus nuálaíocht a chinntiú i ndáil le húsáid teicneolaíochta agus comhtháthú seirbhísí agus sonraí chun éifeachtúlacht a mhéadú, eispéireas úsáideora níos fearr a chur ar fáil, agus an caighdeán seirbhíse a fheabhsú.
- Ár gclár reatha Athraithe Gnó a chur i gcrích.
- Torthaí ár dTionscadail Athbhreithnithe Airgeadais Straitéisigh a chur i gcrích agus a chur chun feidhme.
- Straitéis Foirne AD nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ár mbaill foirne a mhealladh, a choimeád, a eagrú, a ailíniú agus a fhorbairt.
- Na beartais, pleananna agus gníomhaíochtaí atá riachtanach chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus cuspóir a leagan amach, mar a cheanglaítear faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá siad sin le fáil ag <https://www.psi.ie/about-psi/commitment-equality-and-human-rights>.
- Ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach, ailíniú le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais agus Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.



Torthaí a bhFuiltear ag Súil Leo

Conas a bheidh a fhios againn an bhfuil ag éirí linn

- Táimid eagraithe ar bhealach a chiallaíonn go mbeidh rath orainn. Tá na daoine, na scileanna, an cultúr agus na struchtúir inbhuanaithe chearta bunaithe chun tacú linn chun ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.
- Táimid ag feidhmiú mar rialtóir a bhfuil tús áite á thabhairt aige don ré dhigiteach agus táimid dírithe ar an gcustaiméir aonair, tá cinntí á ndéanamh againn bunaithe ar léargas sonraí agus tá seirbhísí feabhsaithe á dtairiscint againn a thacaíonn lenár gcuspóirí corparáideacha.
- Tá ár staid airgeadais inbhuanaithe, agus tá maoiniú cuí á chur ar fáil dúinn.
- Is rogha áite oibre muid, agus is fianaise ar an méid sin ár gcumas foireann oilte, éagsúil agus inniúil a choinneáil agus a mhealladh chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh.
- Tá ár bplean gníomhaíochta maidir le dualgas earnála poiblí curtha chun feidhme againn agus tá béim ar chomhionannas agus ar chearta an duine leabaithe inár gcuid oibre.
- Tá ár spriocanna comhlíonta againn de réir ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.

An Straitéis a Chur Chun Feidhme agus Monatóireacht a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn

Cuirfear an straitéis seo chun feidhme thar thréimhse ceithre bliana, idir Eanáir 2025 agus Nollaig 2028

De bhrí go gcuimsítear clár comhtháite ceithre bliana sa Straitéis, cuirfear roinnt gníomhaíochtaí chun feidhme thar thréimhse níos faide ná bliain amháin. Leagfaimid amach na gníomhaíochtaí sonracha atá le forbairt gach bliain inár bPlean Seirbhíse Bliantúil agus, de réir mar a leantar ar aghaidh leis an Straitéis a chur i bhfeidhm, taispeánfaimid na gníomhaíochtaí atá á gcur i gcrích ar bhonn ilbhlianta.

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn ar bhonn leanúnach trí shocruithe maoirseachta trí Choistí Comhairleacha PSI agus tuairisceofar a leithéid don Chomhairle PSI ag gach cruinniú poiblí. Chomh maith leis sin, foilseofar na sonraí ar fad maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dTuarascáil Bhliantúil gach uile bhliain.





Cumann Cógaiseoirí na hÉireann

Teach PSI, Sráid na bhFíiníní,
Baile Átha Cliath 2, D02 TD72

T +353 1 2184000

F +353 1 2837678

R info@psi.ie

Suíomh Gréasáin www.psi.ie